Mé Féin agus Seana-Ṡéamus Arís

Seán Ó Criomṫain

"Tá tú ċugam inniu arís a Ṡéamuis, agus nó is folár, nó tá scéal eicint iontaċ agat dom."

"Tá, agus níl, mar táim leat as mo ṁeaḃar ag a ḃfuil de scéalta gan tóin sa ċeann agam. a ċlos le leaṫ-ḃliain anuas."

"Is dóċa go ḃfuil pas beag ró aosta do ḋaoine an lae inniu, agus don móḋ atá acu ċun scéal-ta do ċur le ċéile. agus a ċeapaḋ. Ní h-ionann iad agus siḃ-se naċ raiḃ taḃairt suas ariaṁ oraiḃ, léaṁ ná oilteaċt, ná fealsúnaċt féin, mar atá ar laos an lae inniu."

"Lig dom féin leo, gurb é gar-sún an dá-ḃliain-déag é atá ar aon teinteán liom ná fuilim am amadán déanta aige. Tá sé ag caiṫeaṁ ċugam féin mar ċaiṫfeá gráinne coirce go dtí na cearca, agus naċ ait an rud leat é. go ḃfuilim á ṡlogaḋ uaiḋ.'

"Naċ sin é an ḟealsúnaċt atá anois agat féin, garsún an dá-ḃliain-déag naċ deas atá sé á ṗiocaḋ suas agus ag dul i ḃfeiḋm air. Ní h-aon íonaḋ cad a ḋéanfaiḋ sé nuair a ṡlánóiḋ sé an ḃliain-is-fiċe."

"Má mairim-se go slánóiḋ sé siú an méid sin aoise. atá ráite agat, cuirfiḋ sé glan scaipṫe go Tiġ na nGealt mé, lena ċuid scéaltaí éitiġ."

"Cad é an scéal is déanaí a ċaiṫ sé ċugat, nó an ḃfuil brí mór leis?"

"Ag iṫe na bpréataí a ḃíomar i lár an lae nuair a ṫosnaiġ an bránnaċ ag caiṫeaṁ ċugainn. Dúirt sé go raiḃ stróinséar ón Rúis ṫiar i nDúnċaoin inniu agus nár ḟág sé aon asal ann gan ceannaċ, agus ná feadar éinne aċ an méid airgid a ṫug sé dóiḃ orṫa. Go mbeiḋ sé anseo amár-aċ á ċeannaċ. Níor ḟan focal ag éinne againn, mar tá trí cinn de asail againn féin, agus sinn da-mátna acuś ag briseaḋ geataí na gcomarsan, agus dá dtiocfaḋ an Rúiseaċ timpeall níor ḃ'ḟearr liom ón Rúis é, mar ná fuil uainn aċ tiontóir a ḃualaḋ 'un bóṫair ċugainn."

"Aċ [illegible] sin. Aon ċeist air mar ná [illegible] sé ċsiúd aon freagra díreaċ ormsa, aċ ċuir a ṁáṫair ceist air, agus d'ḟreagair sé í go h-aiséag, agus sé an freagra a ṫug sé uirṫi, ná: le cur ar féaraċ 'un gealaí."

"N'feadar an ḃfuil sé fíor a Ṡéamuis?"

"Táim ċoṁ dáill le coinséar air. Aċ ḃíos i mBaile na nGall inniu ag triall ar na seana pinsiún. Ċuas isteaċ go tiġ Beaglaoiċ, agus ḃí braonín beag agam. Paidí beag. Mar ná h-oireann na Bráiṫre ná na cúpla duine mar mé féin ann hEaspaig uile sin ċuige liom. Ḃí agus ní raiḃ aon scéal ar siúl aċ, aċ, Joe Williams, agus an méid airgid a fuair sim ar seana asal a díol sé le stráinséara mná ó Ṡasana. Ċuireas ceist orṫa cad a fuair siad ar an as-al, agus dúradar go léir go ḃfuair sé £15 air. Aċ, dá n-imeoḋ an ceann dom, níor ḃ'féidir liom é a ċreidiúint. A Ṁuire Ṁáṫair, naċ ait an saol é, agus naċ ait na daoine atá ar an saol inniu. Ná feadarais an ḃí an ḟírinne, nó an t-éiteaċ atá aca. Aċ, cloisfiḋ Séamus a tuilleaḋ sula nglanfaiḋ sé leis."

"Cogar go fóill a Ṡéamuis, an maiṫ leat mar scéal é ceannaċ maiṫ a ḃeiṫ ar asail?"

"Is maiṫ agus ní maiṫ, mar tá an ceannaċ seo orṫa, ní ḟanfaiḋ aon asal in Éirinn, agus an lá a ġlanfar na h-asail aistí, sin deireaḋ léi mar a ḃíoḋ, mar ná beiḋ cuimne ar Ḋia nó ar Ṁuire ag daoine ar ḟad eile. Ná deir-eaḋ na seanṁná fadó. Ná ḃíoḋ aon tiġ muintire ar an mbaile ná ḃíoḋ asal ceangailte istiġ ann gaċ oíċe sa mbliain, idir geim-reaḋ agus samraḋ. Agus ní raiḃ ainmí ariaṁ istiġ i dtiġ coṁ deas ná ċoṁ glan leis."

"Aċ, a Ṡéamuis, ná caiṫfead-sa laḃairt arís leatsa agus é a rá leat go ḃfuileann tú dá-ḃliain-déag agus ceiṫre fiċead lastiar do ṡaol an lae inniu, ⁊ má ṁaireann tú leis, beiḋ a ṫuilleaḋ le feiscint agat á ḃainfiḋ leaṫaḋ as na mugail agat. Agus b'féidir ná bead-sa scarṫa leis an saol seo nuair a ċífeá na h-asail ag dul sa ġeal-aí."

"Éist a leaṫ-amadáin. Má táim-se aosta féin a ḟir maiṫ. m'anam go ḃfuil mo ċiall agus mó ṁeaḃair fós agam, ċoṁ maiṫ agus ḃí ariaṁ. agus dá mbeinn istiġ sa tsaol an fad eile agus atáim, ní ċífead aon asal ag iṫe nó ag iníor sa ġealaí. Mar Té a ċum agus a ċeap í sin, fan-faiḋ gaċ n-aon glan de, aċ É féin.'

tóg orm é a rá leat. Is mó rud iontaċ feiscíṫe agat ó ṫánagais ar an saol seo, ná raiḃ ann le do linn, atá ann inniu, agus cuid mór acu 'na seana rudaí. Agus má ċíonn na daoine atá le teaċt na h-asail sa ġealaí, ní ċuirid suim ró ṁór ann."

Seán Ó Criomṫain.

Díogú na Coiribe

Táṫar le díogú a ḋéanaṁ ar breis agus 140 míle de aḃainn na Coiribe i gceantar Áṫ Cinn, scéim mór a ċosnóiḋ £1m. D'ḟógair Séamas Uí Giobúin. T.D., Rúnaí Pairliminte don Aire Airgead-ais an scéim, ag cruinniú Coṁ-airle ceantar Ḟianna Ḟáil i gCúl Airne, Tuaim, Dé Doṁnaiġ. Dúirt sé go raḃar ag súil go mbeaḋ an scéim ar taispeáint an ḃliain seo ċugainn, agus glacaḋ sé ó trí go ceiṫre bliana le críoċnú. Tosaíoḋ an scéim aḃainn Ċlár na Gaillime níos luaiṫe, aċ glac-far scéim Ċoiriḃ Measc mar aon ionad aṁáin. Dúirt sé go dtear-naḋ an suirḃé innealtóraċta den Ċoiriḃ Measc in 1961, agus críoċnóiḋ é in 1963. Ḃí sé soil-éir naċ mbeiṫfí ag obair ar an scéim go dtí 1968.

An Roinn Oideaċais—
Brainse an Ġairmoideaċais.

An Ceard-Teastas Gaeilge Scrúdú 1966.

Tionólfar scrúdú don Ċeard-Teasta Gaeilge ar an **16 Feaḃra, 1966.**

Ní foláir iarratais ċun dul faoi'n scrúdú a déanaṁ ar Ḟoirm V.28 agus iad a beiṫ in oifiġ na Roinne ar an **14 Eanair, 1966, ar a ḋéanaí.** Ní glacfar le hiarratais a ġeofar tar éis an ráta sin.

Tá an Ḟoirm V.38 agus eolas o dtaoḃ an scrúdaiṫe le fáil ón Rúnaí, An Roinn Oideaċais, Brainse an Ġairmoideaċais, Teaċ Talbóid, Baile Áṫa Cliaṫ, 1.

T. Ó Raifeartaiġ.
Rúnaí.

Scéal

Ní Ḋéanfaiḋ Mé Dearmad Ċóiċe De

Lár an ġeiṁriḋ a ḃí ann. Ḃí an sneaċta ag titim go trom ina cnapóga boga bána. Tar éis leaṫ uair nó mar sin stad sé do ḃeiṫ ag titim. Ḃí gaċ rud fé tai-péis álainn bán. Ċuaiġ mo ḃeirt deartáir, Iacob agus Daiṫid go dtí caṫair beiṫil in éineaċt le m'aṫair. D'ordaiġ an tImpire, an lá sin, do gaċ duine de ṡlioċt Daiṫid dul go mBeiṫil ċun a n-ainmneaċ a ċur sa rolla. Ag féaċaint ar na daoine go léir a ḃí mise. Nuair a ḃí an ġrian ag dul faoi ní raiḃ duine ná dreraí le feiceáil ar na sráideanna. Ins na tiṫe ósta a ḃí lán go doras. a ḃíodar.

Ar mo ṡlí go dtí na cnoic ar a raiḃ na caoiriġ ċonaic mé beirt ag siúl ar an mbóṫar. Sean-ḟear agus bean óg a rug barr áille léi ón a ḃfaca mé féin ariaṁ de ṁná ag marcaíoċt ar ṡean-asail boċt. Ċonaic an fear mise agus d'ḟiafraiġ sé díom cé'n áit a ḃfaiġeaḋ sé bia agus lóistín don oíċe. Ḃí trua agam dóiḃ. Dúirt mé leo naċ raiḃ aon lóistín le fáil ins na tiṫe ósta aċ go raḃ stábla i bpluais ar imeall na caṫraċ ina ḃfaiġeaḋ siad foṫain don oíċe. Fríd an seaċas fuair mé amaċ gur Máire agus Íosaf ainmneaċa na beirte. Ṫreoraiġ mé iad go dtí an stábla agus ansin lean mé ar mo ḃealaċ go dtí na cnoic.

Ṡuiġ mé in aice na tine ag coiméad ar na caoiriġ ċun iad a ċosaint ar ṁactíre agus ar gad-aiṫe. Ḃí m'aṫair agus Daiṫid ⁊ Iacob ansin freisin. Aċ le teas na tine ní fada go raiḃ mé im ṡáṁċodlaḋ. Timpeall an ṁeán-oíċe dúisíoḋ go hobann mé. Ḃí solas mór geal. mór ṫimpeall. Ṫáinig eagla an-ṁór orainn.

Agus ansin dúirt aingeal linn —"Ná ḃíoḋ aon eagla oraiḃ, mar is dea-scéala do na daoine a ṫáinig mise ċugaiḃ. Rugaḋ Slánaiṫeoir daoi— inniu. Is é sin an Tiarna i gCaṫair Beiṫil. Agus is mar seo a aiṫneóiḋ siḃ é. Feicfiḋ siḃ an leanḃ i mainséar agus é fillte in éadaí."

Ċualamar ansin an-ċuid aingeal ag molaḋ Dé ag canaḋ na focla seo—"Glór do Ḋia ins na harda agus ar talaṁ síoċáin do luċt na deaṫola."

Ḃeartaíomar dul go Beiṫil ċun an Slánaiṫeoir d'feiceáil. Toisc naċ raiḃ aon bronntanas againn le taḃairt don leanḃ Íosa ṫugamar uain beag linn.

Níorḃ ḟada gur ṡroiceamar an stábla. Is ar éigin a ċreid mé mo ṡúile nuair d'aiṫn mé Máire agus Íosaf. Nuair d'ḟéaċ Máire ormsa d'aiṫin sí mé agus rinne sí mionġáire. Ḃí an leanḃ boċt ina luí i máinséar agus é fillte in éadaí fé mar a dúirt an t-ain-geal. Féar nó tuí a ḃí san máin-séar agus b'ṡin a raiḃ mar leaba ag Íosa Ċríost ar a lá breiṫe.

Ḃí dá ainmiṫe san stábla frei-sin, bó agus asal. Ag análú ar an leanḃ a ḃíodar ċun é a ċos-aint ar an ḃfuaċt.

D'ḟanamar tamaill fada ag onóir Íosa Ċríost agus ansin ṫugamar na h-uain dó. Ansin ċuamar arais go dtí na cnoic ag molaḋ Dia a ċuir an Slánaiṫeoir ċugainn agus gurḃ sinn — haoḋairí boċta—na céad daoine a ċonaic Ár Slánaoiṫeoir Íosa Críost. Tugann an eaċtra sin dúinn sampla de cineáltas Dé.

Ní ḋéanfaiḋ mé dearmad ar an oíċe sin go lá mo ḃáis. Níl cur síos ná insint scéal ar an suaim-neas ósnadúrṫa a ḃí i mo ċroí agus mé ag súil go mall réiḋ, ar nós duine i mbrionglóid, ón stáḃ-la diaṁaraċ sin go dtí mo ṫré-ad ar an gcnoc.

Síle Ní Ṫreasaiġ, Meán Sc. Ṁuire, Cloċar na Trócaire, Longfort.

Idir Ḋá Linn

SMAOINTE FANACHA
RISTEARD Ó GLAISNE

Bhí mé ag caint ar Gerald Kuss anseo cúpla seachtain ó shin.

Bhí géar-bharúil agam gur chaith sé tréimhse in Arm na Fionlainne, cé nár luaigh mé anseo é.

Tárla dom é a lua le Fionlannach.

"O bhí, le linn an Choga," ar seisean. "Ar feadh i bhfad ní scaoilfí isteach san Arm é: ní ligfeadh na Fionlannaigh eachtrannaigh ar bith is-teach ina nArm. Ach níorbh fhéidir Kuss a choinneáil am-ach as; lean sé dóibh gur ghéill siad san deireadh."

Nuair a chuimhníonn tú ar chor na Fionlainne i rith an Choga, tá an-chreidiúint ag dul don té nárbh fhéidir a choinneáil amach as a hArm san am.

Bíonn ceisteanna teangan i gcónaí beo ag cuid againn, iad ag cur gruaime nó gáire orainn. Mar shampla, má chuireann óstán Sualannach bille ormsa as "rum", seomra atá i gceist agus ní hé rud eile! Ar an taobh eile, murar rum é "Ol", is beoir é.

Nuair a thosaigh mé ar an turas seo, bhí fúm timpeall céad focal nó abairt de gach teanga náisiúnta a dtiocfainn ina treo a fhoghlaim. Is maith a bhí a fhios agam nach féid-ir máistreacht fháil ar theanga i gceann tamaill ghearr (is féidir brí a bhaint as míreanna nuachta i dtean-gacha áirithe le fíor - bheag-án, ar ndóigh — sin scéal eile), ach bhí a fhios agam fosta go dtabharfadh bun-stór focal agus abairtí i bhfad mé ach iad a bheith rogh-naithe i gceart.

Mo léir, go dtí seo níor fhoghlaim mé an méidín sin féin den Danmhairgis, den tSualainnis ná den Fhionlain-nis, toisc an-chruóg a bheith orm agus toisc gur leor é an Béarla sna tíreanna seo comh minic sin — an Béarla agus focal anseo agus ansiúd de theangacha thuaisceart na hEoraipe.

In "An Maith Leat Spaig-ití"? déanann Una Ní Mhaoil-Eoin an-mhagadh ar bhean a deir léi go mba chóir a bheith abálta "Gura maith agat" agus "Slán leat" agus cúpla rud eile a rá i dteanga aon tíre ina mbeifeá—go ndéan-fadh sin cúis.

Abhar grinn againn an bhean seo agus í ag úsáid na bhfocal seo gach áit a dtéann sí, siúrálta. Mar sin féin, níl an ceart ar fad ag Una. Ba mhór go léir an cuidiú an bun-stór ar thagair mé dó, ach baineann fiú na focail ar "Sea," "Ní hea," "Gura maith agat" agus "Slán leat" an glas de do theanga le linn duit a bheith ag plé le daoine nach bhfuil focal den Bhéarla nó den Fhraincis acu, abair—cuirim i gcás, anseo san Fhionlainn is féidir liomsa gaol simplí éigin a bheith ag-am leis an té a stopaim ar feadh nóiméid chun eolas éig-in a fháil uaidh in ionad a bheith giorraisc nó balbh aige de bharr nach féidir liom a rá leis nach dtuigim fós ("Ní hea . . . "—"Ei": meangadh gáire leithscéalach, crothadh brónach as mo cheann,) nó go dtuigim an méid atá ráite aige ("Sea, sea"—"Joo, joo") agus go bhfuilim buíoch de ("Gura maith agat" — "Kiit-os"), agus ar ndóigh ní miste beannacht a chur leis ("Slán leat — "Nakaimiin").

Tá focail áirithe atá réas-únta tábhachtach ag an tais-tealaí — "teach níocháin éad-aí," "bearbóir," "banc," "arán," "im", "bainne," "iasc," agus mar sin dóibh: mura bhfuil siad sin ar eolas agat b'fhéidir nach dtioc-faidh tú ar na háiteanna nó ar na nithe sin gan mhoill atá saghas amaideach. Agus, mar is léir b'fhéidir, tá an focal ar "Ní hea" níos tábh-achtaí" ná an focail ar "Sea," fiú amháin. Dáiríre atáim.

Ní mór a chuaigh taispeán-tas na Danmhairge i gcion ar Shéamus O Néill nuair a thug sé cuairt ar Aonach an Domh-ain i New York le déanaí. Ar seisean: "Is fada ó léigh mé cuntas tarcaisneach fán Dan-mhairg inar dúradh nár bhronn an tír sin ach fear clúiteach amháin ar an domh-an, fear nár mhair riamh ach in intinn Shakespeare, agus tháinig an aiste sin in mo cheann ag fágáil an bhotha sin dom."

Cibé duine a scríobh an ais-te chéanna, ba bhréagadóir nó aineolaí é, ar ndóigh. Tá Nicolai Grundtvig, Soren Kierke gaard, Hans An-dersen, Carl Nielsen, Karen Bliren nó Niels Bohr, cuirim i gcás, clúiteach go maith, agus ní as intinn Shakespeare a tháinig duine ar bith acu.

An Líonán

Ḃí an cruinniú cinn-bliana ag craoḃ Muintir na Tíre san Líon-án an tseaċtain seo caite. Ṫug an Rúnaí cuntas ar na rudaí a deineaḋ ar feaḋ na bliana. agus ina óráid dúirt an Caṫaoirleaċ gur oibriġ siad go crua ar son an ṗobail, agus d'iarr sé go dtaḃarfaí tuilleaḋ tacaíoċta díoḃṫa. Rinne Míċeál Ó Gallċoḃ-air, coṁġáirdeaċas leis an ċraoḃ ógánta don ċumann, ar na cleasa lúṫ a reaċtáil siad i mbliana. Ċuir sé béim ar an táḃaċt a ḃí le coṁar-oibriú. Laḃ-air an t-Aṫair Ó Móráin as Cluan Cearḃáin, faoi ċoṁ táḃaċ-taċ agus a ḃí coiste cosanta an Iarṫair, agus dúirt go raiḃ an obair ag dul ar aġaiḋ go ciúin. Ṁol an tAṫair de Ḃalorait, S.C., rún buíoċais. Tógaḋ: Uaċ-tarán. An tAṫair de Ḃaloraiṫe, S.C. Leas-Uaċtarán, Proinnsias Seoiġe. Caṫaoirleaċ, Pádraic Nastings. Leas - ċaṫaoirleaċ, S. Mac an Rí. Rúnaí, Sorċa de Ḃail-ís, O.S. Cisteoir, M. Bean Nas-tings.

Éileaṁ ar Loistín do Ċuairteoirí

Tá oireaḋ de éileaṁ ar lóistín agus íostas insan Iarṫar ó ṫur-asóirí. agus go gcaiṫfear tiṫe ósta nua a ṫógáil le freastal ar na cuairteoirí. Sin é an rud atá le tuiscint as céad tuarascáil Bord Réagúnaċ Turasóireaċta an Iarṫair, agus deirtear go ḃfuil an Bord ag fiosrú fá breis ostáin a tógaint insan ċeantar ṫiar, Muiġeo agus Gail-liṁ.

Ḃí an dul ċun cinn insan ċean-tar le linn na bliana seo caite, adeirtear. Ċuir Bord an Iarṫair seirḃísí eolais ar fáil faoi an áit a raiḃ lóistín agus áiteaċa folaṁ i dtiṫe ósta.

D'ḟreastal an oifig ag Gob a' Ċoire ar 5,009 cuairteoirí; an ceann ag Gaillim ar 94,896 cuair-teoirí; Caol ar 10,638 cuairt-eoirí agus rinne siad cur in áir-iṫe de 34,696 oíċeannta lóistín.